VIFAX 04 Samhain 2008
Bunleibhéal
Uachtarán nua Mheiriceá

Ceist 1
Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi Barack Obama agus John Mc Cain agus iad i mbun stocaireachta i Meiriceá. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé acu Obama nó Mc Cain ar mhaith leat a fheiceáil ina Uachtarán? Cuir fáth le d'fhreagra.

Ceist 2
Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat aimsígí míniú na bhfocal:

bearna
éiginnte
tuairisceoir
toghchán
Poblachtánach
Daonlathach

Ceist 3
Féach ar an tuairisc anois. An bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach?

Tá John Mc Cain go mór chun cinn ar Bharack Obama sna pobalbhreitheanna **fíor/bréagach**

Tá CNN ag cur Barack Obama ag 50% **fíor/bréagach**

I stát Florida tá an bhearna laghdaithe go dhá phointe **fíor/bréagach**

Is Poblachtánach é Richard Daly, méara na cathrach **fíor/bréagach**

Is as Virginia do John Mc Cain **fíor/bréagach**

Beidh Obama i downtown Chicago ar a deich a chlog **fíor/bréagach**

VIFAX 21 Deireadh Fómhair 2008
Bunleibhéal

Ceist 4

'*Deir'* Méara na Cathrach

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal thuas?

(b) Cuir an fhoirm cheart den bhriathar atá idir lúibíní sna bearnaí thíos:

1. (Déan) _____ Máire a cuid oibre go néata i gcónaí.

2. (Bailigh) _____ an múinteoir na cóipleabhair ó na daltaí gach lá.

3. (Bí) _____ aimsir mhaith sa Fhrainc go minic.

4. (Faigh) _____ daltaí scoile marcanna maithe sna scrúduithe má bhíonn siad ag staidéar

5. (Beir)(mé)_____ ar an liathróid i gcónaí ag imirt peile.

(c) Cad iad na rialacha a bhaineann leis an ngné seo den ghramadach?

Ceist 5 '

Luaitear figiúirí, daoine agus iarrthóirí go minic sa sliocht.

An féidir leat uimhir uatha na bhfocal seo a scríobh? Tá samplaí tugtha chun cabhrú leat.

Iolra	*uatha*
1 figiúirí	**figiúir**
2 daoine	**duine**
3 iarrthóirí	**iarrthóir**
4 poist	
5 fir	
6 bailte	
7 cairde	
8 boird	
9 bróga	
10 tithe	
11 siopaí	
12 feadóga	
13 cathracha	
14 leabhair	

Ceist 6
Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth go mbeadh athrú ann dá mbeadh Obama ina Uachtarán?

VIFAX 21 Deireadh Fómhair 2008
Bunleibhéal

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

Bearna	**gap**
Éiginnte	**uncertain**
Tuairisceoir	**reporter**
Toghchán	**election**
Poblachtánach	**Republican**
Daonlathach	**Democratic**

Ceist 3
1 – bréagach
2 – bréagach
3 – fíor
4 – bréagach
5 – bréagach
6 – fíor

Ceist 4
(a) Briathar neamhrialta san aimsir láithreach.

(c) Na rialacha:
An chéad réimniú – cuir/tóg
Cuir**eann**/tóg**ann**
An gcuireann? Cuireann/Ní chuireann
An dtógann? Tógann/Ní thógann

An dara réimniú – bailigh/ceannaigh
Bail**íonn/**ceann**aíonn**
An mbailíonn? Bailíonn/Ní bhailíonn
An gCeannaíonn? Ceannaíonn/Ní Cheannaíonn

Ceist 5

4.poist	post
5 fir	fear
6 bailte	baile
7 cairde	cara
8 boird	bord
9 bróga	bróg
10 tithe	teach

11 siopaí	siopa
12 feadóga	feadóg
13 cathracha	cathair
14 leabhair	leabhar

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

VIFAX 21 Deireadh Fómhair 2008
Bunleibhéal

Eibhlín Ní Choistealbha

Ag filleadh arís ar na Stáit Aontaithe, tá an bheirt iarrthóirí, Barack Obama agus John McCain, fós go láidir i mbun stocaireachta i stáit ar fud Mheiriceá, ag filleadh ar Chicago agus ar ár dtuairisceoir Eimear Ní Chonaola. Labhair mé léi ar ball beag faoin a raibh ar bun ag an dá fheachtas inniu.

Eimear Ní Chonaola

Bhuel a Eibhlín, tá Barack Obama fós go mór chun cinn ar John McCain sna pobalbhreitheanna. Tá CNN ag cur Barack Obama ag 51% agus John McCain ag 43%. Tá an Washington Post ag cur Barack Obama ag 53% agus John McCain ag 46%. Ach tá na figiúirí seo ag cur beagáinín imní ar lucht feachtasaíochta Barack Obama, imní go gceapfadh daoine b'fhéidir go bhfuil an toghchán buaite cheana féin. Mar sin, tá siad fós ag cur ina luí ar dhaoine go bhfuil gá dóibh teacht amach amárach agus an vóta sin a chaitheamh, mar tá cúrsaí fós éiginnte go maith. Mar shampla i Florida, i Stát Florida tá an bhearna idir an bheirt iarrthóirí laghdaithe go dhá phointe, Obama fós beagáinín chun cinn ansin. Ach tá Florida cinniúnach ar go leor bealaí mar tá 27 vóta toghthóra le piocadh suas ag iarrthóir anseo. Mar sin ní haon ionadh é go bhfuil Barack Obama agus John McCain i mbun stocaireachta sa Stát sin inniu. Tabharfaidh John McCain ansin cuairt freisin ar 6 stát eile inniu sula dtabharfaidh sé aghaidh abhaile ar Arizona. Beidh Barack Obama ar ndóigh i Florida, North Carolina, agus i Virginia. Stáit ar ndóigh atá go láidir poblachtánach. Stáit nár thacaigh le daonlathach le fada an lá, ach beidh Barack Obama ag súil go dtacóidh siad leis an uair seo.

Anois taobh thiar dom anseo i *Grand Park* i *Downtown Chicago*, tá railí mór eagraithe do Barack Obama san oíche amárach. Tá súil go mbeidh Obama anseo

thart ar 10 a chlog am Mheiriceá, sin thart ar a 4 a chlog am na hÉireann, agus deir Méara na Cathrach, Richard Daly, daonlathach mór le rá, go mbeidh suas le milliún duine i láthair anseo le fearadh na fáilte a chur roimhe. Deir Daly ar ndóigh go bhfuil siad ag súil gur ag ceiliúradh a bheidh siad san oíche amárach ach ar ndóigh beidh le feiceáil.

Eimear Ní Chonala ansin, i Chicago.